28. Tubaiste Chernobyl

(a) Éist leis an mhír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a leanas.

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F	Má tá an ráiteas fíor.
B	Má tá an ráiteas bréagach.
?	Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Tharla tubaistí ba mheasa ná Chernobyl sa tionscal núicléach. ☐
2. Theip ar an fhreasaitheoir núicléach. ☐
3. Ní dhearnadh mórán damáiste dá bharr. ☐
4. Truaillíodh an ceantar ar fad de dheasca na tubaiste. ☐
5. Tholg bunadh na háite aicídí. ☐
6. Maraíodh níos mó daoine óga ná aoisghrúpa ar bith eile. ☐
7. Tá an áit slán sábháilte anois. ☐
8. Tugann cuid de na páistí as Chernobyl Éire orthu féin. ☐
9. Tugtar drochbhail ar pháistí Chernobyl in Éirinn. ☐
10. Níl teaghlach ar bith eile de dhíth le páistí a choinneáil. ☐

[10]

29. Crann cumarsáide do na gutháin phóca

(a) Éist leis an chainteoir seo agus freagair na ceisteanna a leanas.

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:=

F	Má tá an ráiteas fíor.
B	Má tá an ráiteas bréagach.
?	Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Níl Seán sásta go bhfuil éisteacht phoiblí ann. ☐
2. Níor mhaith leis go dtógfaí an crann cumarsáide. ☐
3. Baineadh geit mhór as ar chloisteáil an scéil dó. ☐
4. Tógfar an crann faoi urchar méaróige den ollmhargadh áitiúil. ☐
5. Tá deich gcrann dá leithéid tógtha cheana féin sa chontae. ☐
6. Gineann na tonnta raidió ó na crainn seo galair. ☐
7. Síleann Seán gur maith go dtabharfaidh an comhlacht airgead don phobal. ☐
8. Tá níos lú daoine ná riamh ag úsáid na nguthán póca ina thuairim féin. ☐
9. Bhí an comhlacht i dteagmháil le muintir na háite faoin scéal roimh ré. ☐
10. Cuirfidh an crann cumarsáide seo go mór le háilleacht na háite. ☐

[10]

30. Tionchar na haimsire

(a) Éist leis an tuairisc seo agus freagair na ceisteanna a leanas.

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F	Má tá an ráiteas fíor.
B	Má tá an ráiteas bréagach.
?	Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Ní théann an aimsir go mór i bhfeidhm orainn. ☐
2. Is beag duine a éisteann le tuar na haimsire. ☐
3. Tá suim ar leith ag feirmeoirí san aimsir. ☐
4. Cuirtear imeachtaí spóirt siar in amanna mar gheall ar an aimsir. ☐
5. Is aoibhinn le daoine soineann sa samhradh. ☐
6. Is breá le feirmeoirí aimsir thirim sa samhradh. ☐
7. Bhí drochbhliain ag na feirmeoirí anuraidh. ☐
8. Caillteár daoine de dheasca na drochaimsire. ☐
9. Is minic a tharlaíonn tubaistí móra in Éirinn mar gheall ar an aimsir. ☐
10. Deirtear go bhfuil an domhan ag dul i bhfuaire. ☐

[10]

31. Costas an bhreosla

(a) Éist leis an tuairisc seo agus freagair na ceisteanna a leanas.

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F — Má tá an ráiteas fíor.

B — Má tá an ráiteas bréagach.

? — Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Tá Uachtarán na Fraince idir dhá chomhairle faoi ísliú phraghas an bhreosla. ☐
2. Ní mó ná sásta atá na feirmeoirí leis an Uachtarán. ☐
3. Stad na tiománaithe leoraí an trácht ar na bóithre. ☐
4. Deir na tiománaithe leoraí go bhfuil an breosla róchostasach. ☐
5. Níl an stailc ag cur isteach ar chúrsaí na tíre. ☐
6. Tá idirbheartaíocht faoi lánseol idir an dá thaobh. ☐
7. Thug lucht gnó le fios go bhfuil an geilleagar thíos leis. ☐
8. Beidh ganntanas bia ann mar gheall ar an stailc. ☐
9. Níl an stailc ag cur as do thurasóirí sa Fhrainc. ☐
10. Is ísle praghas an bhreosla i Sasana ná sa Fhrainc. ☐

[10]

32. Tubaiste mara

(a) Éist leis an tuairisc seo agus freagair na ceisteanna a leanas.

Léigh na habairtí thíos agus freagair na ceisteanna mar seo a leanas:

F	Má tá an ráiteas fíor.
B	Má tá an ráiteas bréagach.
?	Mura bhfuil an t-eolas le fáil.

1. Cailleadh cúig chéad duine. ☐
2. Bhí an long leathmhíle ón chósta. ☐
3. Tharla an tubaiste dhá lá ó shin. ☐
4. Fuarthas gach duine a caitheadh amach san fharraige. ☐
5. Bhí drochaimsir ann ag an am. ☐
6. Chuaigh an long go tóin poill. ☐
7. Bhí eagla a gcraicinn ar na paisinéirí. ☐
8. Bhí go leor criosanna tarrthála ann. ☐
9. Bhí Éireannaigh ar bord na loinge. ☐
10. Rinne stiúrthóirí na loinge faillí sna paisinéirí. ☐

[10]